



**Scoileanna  
Ildánacha**  **Creative  
Schools**

**Comhlaigh Chruthaitheacha is  
Múinteoirí Leabhrán Faisnéise**

## **1. Scoileanna Ildánacha**

Tá sé mar aidhm ag tionscnamh na Scoileanna Ildánacha na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na bpáistí agus na ndaoine óga. Aithnítear ann gur meán cumhachtach atá sna healaíona trínar féidir le leanaí agus daoine óga cumarsáid agus comhoibriú a fhiosrú, a samhlaíocht a spreagadh le bheith samhlaíoch, agus a bhfiosracht a úsáid. Teastaíonn déine, disciplín agus teacht aniar le bheith rannpháirteach sna healaíona agus sa chruthaitheacht, rud a chothaíonn bua na gníomhaireachta agus féinmheas i bhfoghlaimoirí. Tá an meascán scoileanna mar bhonn agus taca le foghlaim rathúil.

Tugtar deis do scoileanna sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha seo plean a fhorbairt a fhreagraíonn dá riachtanais uathúla féin. Déanfaidh na scoileanna rannpháirteacha a bplé leis na healaíona agus leis na cleachtais chruthaitheacha a thuiscint, a fhorbairt agus a cheiliúradh. Mar thoradh air sin, beidh siad in ann an dóigh a n-oibríonn siad a athrú ar mhórán bealaí. Bainfidh siad sochar as an réimse acmhainní ina scoil agus ina bpobal i gcoitinne; déanfaidh siad bealaí nua oibre a fhorbairt a neartóidh an tionchar atá ag an gcruthaitheacht ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar leas na scoláirí. Beidh ról lárnach ag leanaí agus daoine óga sa phróiseas seo.

## **2. Cúlra**

Tionscnamh suaitheanta is ea Scoileanna Ildánacha den chlár Éire Ildánach chun cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh a chumasú. Tá Scoileanna Ildánacha faoi threoir na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais.

## **3. Comhlaigh Chruthaitheacha**

Tá dlúthbhaint ag ról an Chomhlaigh Chruthaitheach le rath an tionscnaimh Scoileanna Ildánacha. Táthar ag súil go n-oibreoidh an Comhlach Chruthaitheach i gcomhpháirtíocht le scoil amháin chun forbairt a dhéanamh ar an saineolas agus ar na cineálacha cuir chuige a fhorbróidh agus a chothóidh na healaíona agus cleachtais chruthaitheacha ina gcuid scoileanna. Tarraingeoidh Comhlaigh Chruthaitheacha ar an raon deiseanna sa scoil agus sa phobal níos leithne chun cleachtais chruthaitheacha a spreagadh agus tacú leo mar chuid de phlean na scoile.

Is éard a bheidh i gComhlaigh Chruthaitheacha oideoirí a bhfuil a gcleachtas ealaíon agus cruthaitheach féin acu agus tuiscint thar cuimse ar an gcruthaitheacht agus a cumas saol leanaí agus daoine óga a athrú ó bhonn. Mar ghníomhairí dinimiciúla don athrú, beidh cumas ar leith acu comhpháirtíochtaí marthanacha a bhunú idir múinteoirí, foireann na scoile, foghlaimoirí agus comhpháirtithe eile.

Smaoineoidh Comhlaigh Chruthaitheacha as an nua agus déanfaidh siad riachtanais scoileanna a mheaitseáil le deiseanna cruthaitheacha ina gcóngaracht. Aithneoidh siad réimsí féideartha i gcomhair feabhas agus spreagfaidh siad, fuinnmheoidh siad agus tiomáinfidh siad scoileanna chun le dul i ngleic leo seo. Tríd an tionscnamh ceannródaíoch seo, beidh an deis ag Comhlaigh Chruthaitheacha cruth a chur ar áit na n-ealaíon agus na cruthaitheachta i scoileanna na hÉireann.

Táthar ag súil go bhfostófar suas le 20 gComhlach Cruthaitheach is Múinteoirí chun seirbhísí a sholáthar. Beidh gach comhlach ina chomhpháirtí le scoil i gceann amháin nó níos mó de na réigiúin seo a leanas:

<b>RÉIGIÚIN</b>	
1	An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach
2	Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh
3	Laois, An Longfort, Uíbh Fhailí, An Iarmhí
4	Cill Dara, Lú, An Mhí, Cill Mhantáin
5	Baile Átha Cliath
6	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Port Láirge
7	Corcaigh, Ciarraí
8	An Clár, Tiobraid Árann, Luimneach

Ní mór d'iarratasóirí sonrú ar an bhfoirm iarratais céard iad na réigiúin a bhfuil siad ar fáil le bheith ag obair iontu.

Fágtar freagracht as a gcuid taistil féin ar Chomhlaigh Chruthaitheacha agus ní mór go mbeadh siad in ann taisteal chuig scoileanna agus áiteanna eile sna réigiúin a shonraíonn siad. Ina theannta sin, ní mór go mbeadh siad sásta taisteal anois is arís lasmuigh dá réigiún (chuig Baile Átha Cliath de ghnáth) le haghaidh cruinnithe náisiúnta, laethanta ionductaithe agus oiliúna. Ní mór go mbeadh siad in ann na cúraimí riaracháin a ghabhann leis an gclár a chomhlíonadh, agus iad ag obair ó oifig sa bhaile nó in áit oiriúnach eile.

### **3.A. Ról an Chomhlaigh Chruthaitheach**

Agus é/í ag obair go dlúth leis an bhFoireann Scoileanna Ildánacha, déanfaidh an Comhlach Cruthaitheach na nithe seo a leanas:

**Tacú le forbairt na n-ealaíon agus na cruthaitheachta i scoileanna trí:**

- freastal ar thosaíochtaí agus riachtanais aonair gach scoile
- cabhrú le gach scoil a rannpháirtíocht reatha sna healaíona agus sa chruthaitheacht a thuiscint
- plean a cheapadh ina n-aithnítear réimse (réimsí) um forbairt, i gcomhpháirt leis an scoil
- déanamh cinnte go múnlaítear an plean le riachtanais agus tuairimí leanaí agus daoine óga
- raon agus cáilíocht an chleachtais a fhorbairt i ngach scoil agus tús a chur le clár fhoghlama ardchaighdeáin
- gach scoil a chur ag plé le próiseas leanúnach machnaimh agus measúnaithe

#### **Comhpháirtíochtaí agus ceangail éifeachtacha a bhainistiú trí:**

- comhoibriú le lucht bainistíochta agus foireann na scoile, le leanaí agus daoine óga, agus nuair is cuí, le tuismitheoirí agus leis an bpobal níos leithne
- tarraingt ar an raon deiseanna sa scoil agus sa phobal níos leithne a chuimsíonn ealaíontóirí, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí cruthaitheacha eile
- scoileanna a cheangal le deiseanna ábhartha d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach

### **Tacú le tionscnamh na Scoileanna Ildánacha trí:**

- a dtaithe ealaíonta nó chruthaitheach, a saineolas agus a gcuid líonraí féin a chur i bhfeidhm ar an tionscnamh
- gníomhú mar ambasadóir um Scoileanna Ildánacha
- páirt a ghlacadh i gceiliúradh náisiúnta ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht san oideachas
- páirt ghníomhach a ghlacadh i seisiúin ionductaithe agus foghlama gairmiúla
- cumarsáid éifeachtach a choimeád leis an bhfoireann bainistíochta tionscadal
- taifid agus cáipéisí cruinne a choimeád
- monatóireacht agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar am
- tabhairt faoi chúraimí riaracháin chun cur i gcrích éifeachtach an tionscnaimh a chinntiú
- cloí le beartais agus nósanna imeachta cuí

D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le freagrachtaí an Chomhlaigh Chruthaitheigh i gcomhréir le riachtanais agus tosaíochtaí a thiocfaidh aníos.

#### **4. Critéir roghnúcháin agus Incháilitheacht**

##### **4.A. Incháilitheacht**

Ní mór do gach iarratasóir ar na ról seo a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Is múinteoir láncháilithe é nó í an t-iarratasóir a bhfuil post acu arna cheadú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, atá ag obair i scoil aitheanta, agus atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán Cláraithe cuí na Comhairle Múinteoireachta (i.e. Rialachán 2 nó 4 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009 suas go dtí an 25 Iúil 2016 nó Bealach 1 nó 2 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 agus de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú) 2016 ina dhiaidh sin).
- Tá cúig bliana de thaithe ábhartha ag an iarratasóir, ar a n-áirítear dhá bhliain ag obair mar mhúinteoir sa seomra ranga agus tá cleachtas ealaíne nó cruthaitheach aige/aici. Chomh

maith leis an dá bhliain arna sonrú thuas, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith san áireamh le taithí ábhartha eile; ceardlanna ealaíon agus cruthaitheachta do leanaí agus do dhaoine óga a stiúradh, nó forbairt ghairmiúil a stiúradh do mhúinteoirí atá ag obair in earnálacha na n-ealaíon, na cruthaitheachta nó na hoidhreachta, nó taithí eile ar oideachas ealaíon.

- Dearbhaíonn an t-iarratasóir go mbeidh sé ar fáil i gcomhair ionduchtú i mBaile Átha Cliath i Deireadh Fómhair 2023.
- Dearbhaíonn an t-iarratasóir go mbeidh sé ar fáil leis na seirbhísí riachtanacha a sholáthar, a bhfuil cur síos orthu sa cháipéis seo.
- Dearbhaíonn an t-iarratasóir go mbeidh sé ar fáil le seirbhísí a sheachadadh le scoileanna agus i láithreacha eile sna réigiúin a sainaithníodh agus go bhfuil an cumas aige an riachtanas seo a shásamh.

#### 4.B. Riachtanais Bhreise chun Seirbhísí ar Leith a Sheachadadh

Tá taithí ar a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge agus líofacht sa teanga inmhianaithe, agus tá siad mar riachtanais do chomhlaigh a ndéanfar iad a phéireáil le scoileanna lán-Ghaeilge. Tá taithí ar a bheith ag obair san oideachas speisialta inmhianaithe, agus tá sí mar riachtanas do chomhlaigh a ndéanfar iad a phéireáil le scoileanna speisialta.

#### 4.C. Critéir

Déanfar iarratasóirí a mheasúnú ar bhonn iomaíoch maidir leis na gnéithe seo a leanas: a gcumas na seirbhísí riachtanacha a bhainistiú agus a sholáthar; a saineolas, a dtaithí agus a scileanna, lena n-áirítear a mhéad agus is féidir leo cur le hobair na foirne níos leithne. Sa deireadh is é an t-éileamh measta ar sheirbhísí i ngach réigiún a bheidh mar bhonn eolais don roghnúchán.

Critéir	Ualú
<p><b>Saineolas agus scileanna</b>, lena n-áirítear cur le tacar scileanna na foirne i gcoitinne</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cáilíochtaí tríú leibhéal agus cáilíochtaí agus oiliúint ábhartha eile</li> <li>• Fostaíocht nó taithí ghairmiúil</li> <li>• Na healaíona sa scoil agus cuir chuige chruthaitheacha agus na healaíona agus éascú cruthaitheach</li> <li>• Cáilíocht an chleachtais ealaíonta nó chruthaithigh</li> </ul>	<b>60%</b>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Cumas chun na seirbhísí riachtanacha a bhainistiú agus a</b></li> </ul>	<b>40%</b>

<p><b>sheachadadh</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Scileanna ceannaireachta, bainistíochta, eagraíochtúla agus bainistíochta tionscadal</li> <li>• Scileanna cumarsáide agus comhpháirtíochta</li> <li>• Eolas ar na healaíona agus soláthar cultúrtha</li> <li>• Acmhainn bhreise</li> </ul>	
---	--

### Modheolaíocht na Scórála Cáilithí

Déanfar iarratais a scóráil de réir gach ceann de na critéir thuas ar scála 0 go 5 mar seo a leanas:

Scór	Brí
5	Freagra nach bhfuil aon laigí nó nach bhfuil ach beagán laigí ann a chomhlíonann go hiomlán na riachtanais nó a sháraíonn iad, agus ina dtugtar dearbhú cuimsitheach, sonrach agus inchreidte go gcloífidh an t-iarratasóir le caighdeán den scoth.
4	Freagra ina léirítear tuiscint cheart ar na riachtanais agus dearbhú go gcloífidh an t-iarratasóir le caighdeán maith nó caighdeán ard.
3	Freagra ina léirítear tuiscint réasúnta ar na riachtanais agus ina dtugtar dearbhú réasúnta go ndéanfar soláthar chuig caighdeán dóthanach ach nach dtugtar dearbhú atá éifeachtach go leor go mbronnfaí marc níos airde.
2	Freagra ina léirítear amhras. Níl sé inchreidte go hiomlán/níl sonraí inchreidte ann agus is mór an baol nach n-éireoidh leis an bhfreagra.
1	Freagra ina léirítear amhras mór. D'fhéadfadh gurbh í an chúis leis sin, ná, mar shampla, nach dtugtar dóthain sonraí, agus go bhfuil lochtanna bunúsacha san fhreagra, nó nach leor é ar chor ar bith, nó go bhfuil easpa mór inchreidteachta ann agus gur mór an baol nach ndéanfar soláthar.
0	Freagra ina mainnítear go hiomlán aghaidh a thabhairt ar na critéir atá á mbreithniú.

## 5. Cumais

Aithníonn muid go mbeidh difríochtaí idir saineolas, eolas, taithí agus scileanna faoi leith na n-iarratasóirí. Beidh ar iarratasóirí léiriú ina n-iarratas go bhfuil cuid mhór de na cumais atá aitheanta thíos acu, ar cumais iad a chuirfidh le hobair na foirne níos leithne.

<b>Léiríodh saineolas agus scileanna</b> , lena n-áirítear an obair mhór cur le tacar scileanna na foirne i gcoitinne - <b>60%</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• tuiscint ar chuir chuige chruthaitheacha i dtreo teagaisc agus foghlama</li><li>• eolas ar oibriú scoileanna</li><li>• tuiscint ar an gcuraclam agus eolas faoi oideachas cuimsitheach</li><li>• soláthar / éascú gníomhaíochtaí ardchaighdeáin ealaíon nó cruthaitheacha do leanaí agus do dhaoine óga</li><li>• cumas tabhairt faoi thionscadail nuálacha dhúshlánacha</li><li>• cleachtas forbartha ealaíon nó cruthaitheach</li></ul>
<b>Léiríodh cumas chun na seirbhísí riachtanacha a bhainistiú agus a sheachadadh</b> - <b>40%</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• taithí ar chaidrimh inbhuanaithe a chothú le daoine aonair agus le heagraíochtaí</li><li>• taithí ar thionscadail a bhainistiú, a sholáthar agus a mheasúnú</li><li>• an cumas machnamh a spreagadh agus tacú leis</li><li>• eolas ar an soláthar reatha ealaíon agus cultúrtha a bhíonn ar fáil do scoileanna</li><li>• scileanna idirphearsanta den scoth</li><li>• scileanna éifeachtacha ceannaireachta</li><li>• an cumas oibriú go neamhspleách agus mar bhall d'fhoireann</li><li>• eitic láidir oibre</li><li>• scileanna iontacha eagraíochtúla, bainistíochta ama agus TFC</li></ul>



## **6. Luach saothair**

Idir €30.54 - €47.56 (comhlán) in aghaidh an uair íoctar le Comhlaigh Chruthaitheacha, anuas ar a dtuarastal múinteora reatha, ar feadh suas le 20 lá ar a mhéad.

Íoctar rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí chomh maith.

## **7. Próiseas roghnúcháin**

Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlíonadh agus a chur isteach trí Jotform roimh 17.00 uair an chloig (am áitiúil) **31** Lúnasa 2023.

Tabharfar cuireadh chuig agallamh do gach iarratasóir atá ar an ngearrliosta (ar líne). Táthar ag súil go mbeidh na hagallaimh ar siúl i rith na seachtain dar tosach an 18 Meán Fómhair 2023. Má thugtar cuireadh chuig agallamh dóibh, is iad na hiarratasóirí féin atá freagrach as a bheith ar fáil. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh nach mbeifí in ann dáta malartach a chur ar fáil.

Bítear ag súil go léireodh Comhlaigh Chruthaitheacha go dearfach caighdeáin iompair na Comhairle Ealaíon agus go mbeadh meas acu ar éiteas agus luachanna na suíomhanna scoile ina mbeidh siad ag obair. Bítear ag súil go mbeadh iompar Comhlach Cruthaitheach i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon um Chosaint agus Leas Leanaí, chomh maith le beartais áitiúla scoile um Chosaint agus Leas Leanaí. Beidh iarratasóirí a roghnófar faoi réir imréitigh ón nGarda Síochána agus teistiméireachtaí sásúla ó fhostóirí.

## **8. Téarmaí an Chomhaontaithe**

Beidh comhaontú maidir leis an obair don ról Comhlach Cruthaitheach i bhfeidhm don scoilbhliain 2023/24. Cuirtear ionadú ar fáil.

## **9. Painéal Chomhlaigh Chruthaitheacha**

Cuirfear painéal de Chomhlaigh Chruthaitheacha ar bun i ndiaidh an phróisis roghnúcháin le bheith ag obair le scoileanna i rith na scoilbhliana 2023/24. Déanfar Comhlaigh Chruthaitheacha ar an bpainéal a mheaitseáil le Scoileanna Ildánacha, bunaithe ar riachtanais na scoileanna agus ar shuíomhanna geografacha. Táimid ag súil go ndéanfar formhór na ndaoine ar an bpainéal a mheaitseáil le Scoileanna Ildánacha ach ní féidir ráthaíocht a thabhairt maidir le hobair a fháil.

## **10. Comhaontú ón bhfostóir**

Ba cheart do mhúinteoirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an ról Comhlach Cruthaitheach seiceáil le bainistíocht a scoile (roimh iarratas a dhéanamh) go mbeifear sásta iad a scaoileadh ón scoil ar feadh suas le 20 lá don scoilbhliain 2023/24. Is faoi na hiarratasóirí rathúla a bheidh sé comhaontú a fháil ó údaráis a scoile le go scaoilfí iad chun dul ag obair mar Chomhlach Cruthaitheach.

## **11. Comhlaigh Chruthaitheacha a Ionduchtú**

Beidh ar Chomhlaigh Chruthaitheacha freastal ar 2 lá d'ionduchtú i mBaile Átha Cliath i **Deireadh Fómhair 2023**.

## **12. Ceisteanna**

Maidir le ceist ar bith faoin ról seo, féach na Ceisteanna Coitianta.

Ba cheart aon cheisteanna eile a sheoladh ar ríomhphost chuig [creativeschools@artscouncil.ie](mailto:creativeschools@artscouncil.ie) faoin **17.00, 28 Lúnasa, 2023**. Abair linn má tá freastal réasúnta ag teastáil uait ag an agallamh de bharr míchumais - déan teagmháil le [creativeschools@artscouncil.ie](mailto:creativeschools@artscouncil.ie).

## **13. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, pléifear le hiarratais faoi lándiscréid.

Cuirtear in iúl d'iarratasóirí go bpléifear le gach fiosrúchán, le gach iarratas agus le gach gné den phróiseas go hiomlán rúnda, agus nach nochtar iad d'aon duine ach amháin dóibh siúd atá bainteach go díreach leis an bpróiseas earcaíochta.

## **14. Focal scoir**

Léiríonn an leabhrán eolais seo na príomhchoinníollacha a ghabhann leis an sannachán Múinteoir Comhlaigh Chruthaitheach. Níl sé beartaithe a bheith ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha ar fad sa tasc a leagfar amach i gComhaontú Oibre leis na múinteoirí sin a roghnófar mar Chomhlaigh Chruthaitheacha.